Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2022
(OR. en)

9364/22

| | |
|---|---|
| CYBER 183 | EUMC 170 |
| COPEN 202 | IPCR 54 |
| COPS 228 | HYBRID 46 |
| COSI 142 | DISINFO 45 |
| DATAPROTECT 166 | COTER 126 |
| IND 189 | CSDP/PSDC 304 |
| JAI 698 | CFSP/PESC 685 |
| JAIEX 57 | CIVCOM 93 |
| POLMIL 120 | RECH 262 |
| RELEX 681 | PROCIV 65 |
| TELECOM 237 | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt<br>- Conclúidí ón gComhairle formheasta ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Bealtaine 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Bealtaine 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir leis an méid seo a leanas:

– – Teachtaireacht Chomhpháirteach an 25 Meitheamh 2013 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh: *An Open, Safe and Secure Cyberspace* [Cibearspás atá Oscailte, Sábháilte agus Slán][1]

– Creat Beartais Cibearchosanta an Aontais Eorpaigh[2],

– Rialachas an Idirlín[3],

– Cibear-Thaidhleoireacht[4]

– Córas cibear-athléimneachta na hEorpa a threisiú agus tionscal cibearshlándála atá iomaíoch agus nuálach a chothú[5]

– Teachtaireacht chomhpháirteach an 20 Samhain 2017 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: 'Athléimneacht, Bacadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas Eorpach'[6]

– Creat don chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha ('Bosca uirlisí na Cibearthaidhleoireachta')[7],

– *EU Coordinated Response to Large-Scale Cybersecurity Incidents and Crises* [Freagairt Chomhordaithe an Aontais ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála][8],

– *EU External Cyber Capacity Building Guidelines* [Treoirlínte an Aontais d'fhothú cibear-acmhainneachta seachtraí][9],

– Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Socruithe Comhtháite an Aontais i leith Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéim[10],

---

1 12109/13
2 15585/14.
3 16200/14.
4 6122/15 + COR 1.
5 14540/16.
6 14435/17 + COR 1.
7 10474/17.
8 10086/18.
9 10496/18.

– fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas Eorpach[11],

– tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá le rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú[12]

– Eoraip ard-digiteach tar éis 2020: 'Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach'[13],

– iarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac[14],

– Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú[15],

– cibearshlándáil feistí ceangailte[16]

– Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach[17]

– Slándáil agus Cosaint[18],

– ag féachaint ar acmhainneacht an tionscnaimh um Chibearaonad Comhpháirteach – lena gcomhlánaítear Freagairt Chomhordaithe ón Aontas ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála[19],

– Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint - D'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta[20],

10 IO L 320, 17.12.2018, lch. 34.
11 7737/19.
12 14517/19.
13 9596/19.
14 14972/19.
15 8711/20.
16 13629/20
17 7290/21.
18 8396/21.
19 13048/21.
20 7371/22.

1. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur treisíodh le blianta beaga anuas an t-iompar mailíseach sa chibearspás, ar iompar é a bhíonn á dhéanamh ag gníomhaithe Stáit agus ag gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad, lena n-áirítear méadú mór leanúnach ar ghníomhaíochtaí mailíseacha atá dírithe ar bhonneagar criticiúil an Aontais agus na mBallstát, ar shlabhraí soláthair agus ar mhaoin intleachtúil, an baol méadaithe d'éifeachtaí seachtrachta, chomh maith le méadú ar líon na n-ionsaithe atá á ndéanamh le bogearraí éirice ar ár ngnólachtaí, ar ár n-eagraíochtaí agus ar ár saoránaigh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt tíortha ag iarraidh dúshlán an oird idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha a thabhairt sa chibearspás, agus an bonn a bhaint den ord sin i ngeall ar an bpolaitíocht chumhachta, agus an cibearsféar, mar aon leis an mórmhuir, an t-aer, agus an t-aerspás a iompú ina réimse ina bhfuil coimhlint ag géarú de réir a chéile. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil cibearionsaithe ar mhórscála nó iarrachtaí chun cur isteach, nó scrios a dhéanamh ar chórais ghréasáin agus faisnéise, a bhíonn ina gcúis le héifeachtaí sistéamacha, tar éis éirí níos coitinne, agus go bhféadfaidís an bonn a bhaint dár slándáil eacnamaíoch agus tionchar a imirt ar ár n-institiúidí daonlathacha agus ar ár bpróisis dhaonlathacha, agus aithníonn sí go bhfuil gníomhaithe áirithe sásta an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a chur i mbaol. CUIREANN SÍ I dTREIS gur léirigh fogha míleata na Rúise faoin Úcráin gur féidir cibirghníomhaíochtaí ionsaitheacha a chur i gcrích mar dhlúthchuid de straitéisí hibrideacha lena gcomhcheanglaítear imeaglú, díchobhsú agus suaitheadh eacnamaíoch.

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur le haontacht, le dlúthpháirtíocht agus le diongbháilteacht atá an tAontas seo againne ag dul i ngleic leis na hathruithe geopholaitiúla atá ann faoi láthair, agus go bhfeabhsófar, le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh, neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus a chumas oibriú le comhpháirtithe chun a luachanna agus a leasanna a chosaint, lena n-áirítear sa chibir-réimse. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuirfidh Aontas níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta go dearfach leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é i gcónaí é, ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, bunchloch a gcosanta comhchoitinne. DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR go bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a thacaíocht don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a threisiú, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár de sin.

3. I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais agus an Compás Straitéiseach, DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR an gá atá le cibirsheasamh an Aontais a fhorbairt trí fheabhas a chur ar ár gcumas cibirionsaithe a chosc trí bhíthin fothú acmhainneachta, forbairt cumais, oiliúint, freachnaimh, athléimneacht fheabhsaithe agus trí fhreagairt dhaingean ar chibirionsaithe in aghaidh an Aontais agus ar a Bhallstát, trí úsáid a bhaint as gach uirlis de chuid an Aontais atá ar fáil. Áirítear leis sin tuilleadh de thiomantas an Aontais a léiriú maidir le freagairtí láithreacha agus fadtéarmacha a thabhairt ar ghníomhaithe bagartha atá ag iarraidh rochtain shlán, oscailte ar an gcibearspás a shéanadh orainn agus tionchar díobhálach a imirt ar ár leasanna straitéiseacha, lena n-áirítear slándáil ár gcomhpháirtithe. Ós amhlaidh atá, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é is aidhm don chibirsheasamh comhcheangal a dhéanamh idir na tionscnaimh éagsúla atá i gcomhréir le gníomhaíochtaí an Aontais chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht sa chibearspás a chomhdhlúthú, agus atá ar son cibearspás atá cobhsaí agus slán, chomh maith lena bheith oscailte, saor agus domhanda, agus comhordú níos fearr a dhéanamh ag an am céanna ar ghníomhaíochtaí ghearrthéarmacha, meántéarmacha, agus fadtéarmacha chun cibearbhagairtí agus cibirionsaithe a chosc, a dhíspreagadh, bac a chur orthu, agus freagairt orthu, chomh maith le cibearchumais a ghiaráil. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart na gnéithe sin a chur san áireamh i gcibirsheasamh an Aontais, i gcomhréir le cúig fheidhm an Aontais sa chibir-réimse: ár gcibear-athléimneacht agus ár n-acmhainneachtaí cosanta a neartú; feabhas a chur ar an dlúthpháirtíocht agus bainistiú cuimsitheach géarchéime; an fhís atá againn don chibearspás a chur chun cinn; comhar a neartú le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta; cibirionsaithe a chosc, a chosaint agus a fhreagairt.

## I. ÁR GCIBEAR-ATHLÉIMNEACHT AGUS ÁR N-ACMHAINNEACHTAÍ COSANTA A NEARTÚ

4. DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR gur gá leibhéal foriomlán cibearshlándála an Aontais a mhéadú, agus TÁ SÍ AG TNÚTH le glacadh gasta na dréacht-Treorach maidir le bearta chun ardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud an Aontais (NIS), an dréacht-Rialachán maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais (DORA), an dréacht-Treoir maidir le hathléimneacht na n-eintiteas criticiúil (CER) agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra le haghaidh Rialacháin lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal cibearshlándála ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chun Aontas a chothú ina gcosnaítear a chuid saoránach, a sheirbhísí poiblí agus a ghnóthaí sa chibearspás. MOLANN SÉ don Choimisiún glacadh príomhthograí a thabhairt chun críche chun a áirithiú go mbeidh bonneagair dhigiteacha, teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí digiteacha slán, d'fhonn comhartha soiléir a thabhairt faoi uaillmhianta an Aontais maidir leis na hábhair sin, agus chun an tacaíocht do chuideachtaí a chumasú d'fhonn a bheith inchurtha leis an dúshlán. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ceanglais chomhchoiteanna chibearshlándála don Aontas a mholadh d'fheistí nasctha agus do phróisis agus seirbhísí gaolmhara tríd an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, rud ba cheart don Choimisiún a mholadh roimh dheireadh 2022, agus an gá atá le cur chuige cothrománach iomlánaíoch lena gcumhdófar saolré iomlán na dtáirgí digiteacha á gcur san áireamh, chomh maith leis an rialáil atá ann cheana, go háirithe i réimse na cibearshlándála.

5. IARRANN SÍ ar na húdaráis ábhartha, amhail Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus an Grúpa Comhair um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (NIS), mar aon leis an gCoimisiún Eorpach, moltaí a cheapadh, agus iad sin bunaithe ar mheasúnú riosca, do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach chun athléimneacht líonraí agus bonneagar cumarsáide laistigh den Aontas Eorpach a threisiú, lena n-áirítear cur chun feidhme leanúnach Bhosca Uirlisí 5G an Aontais.

6. IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar a Bhallstáit iarrachtaí a threisiú chun an leibhéal foriomlán cibearshlándála a mhéadú, mar shampla trí theacht chun cinn soláthraithe iontaofa seirbhísí cibearshlándála a éascú, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart forbairt na soláthraithe sin a bheith mar thosaíocht do bheartas tionsclaíoch an Aontais i réimse na cibearshlándála. Chun cur ar bhealach níos fearr i gcoinne cibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeachtaí sistéamacha a bheith acu agus iad a chomhrac, agus leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó láimhseáil leochaileachtaí na Solarwinds, Microsoft Exchange agus Apache Log4J, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún roghanna a mholadh chun teacht chun cinn tionscail iontaofa seirbhísí cibearshlándála a spreagadh, chun cibearshlándáil shlabhra soláthair TFC a neartú, chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag leochaileachtaí bogearraí don Aontas agus dá chuid Ballstát, lena n-áirítear i bhfianaise an Ghnímh um Chibear-Athléimneachta atá ar na bacáin, agus chun feabhas a chur ar bhrath cibearbhagairtí agus ar chumais comhroinnte sna Ballstát agus ar a bhfud.

7. Á DHEARBHÚ DI AN ATHUAIR go bhfuil sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus leas níos fearr a bhaint as teicneolaíocht shibhialta chun ár gceannasacht theicneolaíoch a fheabhsú, lena n-áirítear sa chibear-réimse, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Lárionad Eorpach Inniúlachtaí Cibearshlándála a chur ag feidhmiú go pras chun éiceachóras cibearthaighde, tionsclaíoch agus teicneolaíoch Eorpach láidir a fhorbairt, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá borradh a chur faoin taighde agus faoin nuálaíocht, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i réimsí sibhialta agus cosanta chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch cosanta (EDTIB) an Aontais a neartú, agus chun cibearchumas an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt, lena n-áirítear cumais tacaíochta straitéiseacha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé dian-úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua, go háirithe ríomhaireacht chandamach, intleacht shaorga agus mórshonraí, chun buntáistí comparáideacha a bhaint amach, lena n-áirítear i dtéarmaí oibríochtaí cibearfhreagartha.

8. AG AITHINT DI go gcuirfear feabhas ar ár gcibearshlándáil trí chur le héifeachtacht agus slándáil na n-iarrachtaí a dhéanaimid ar talamh, san aer, ar muir agus sa chianspás, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé ceisteanna cibearshlándála a phríomhshruthú i mbeartais phoiblí uile an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht earnálach lena gcomhlánaítear an dara Treoir NIS, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar dheiseanna chun cibearshlándáil a mhéadú ar fud shlabhra soláthair uile Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB).

9. ADMHAÍONN SÍ, chun cibear-sheasamh an Aontais a fhorbairt, go bhfuil sé ríthábhachtach acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a áirithiú le haghaidh na cibearshlándála agus le haghaidh bearta lena ndíreofar ar thimpeallacht a chruthú a bheidh fabhrach don earnáil phríobháideach le go mbeidh an earnáil sin iomaíoch, agus gur cheart aghaidh a thabhairt freisin, ar leibhéal an Aontais, ar shaincheist an mhaoinithe chibearshlándála chobhsaí fhadtéarmaigh trí shásra cothrománach a cheapadh agus a chur chun feidhme ina nascfar foinsí éagsúla maoinithe, lena n-áirítear costas na n-acmhainní daonna ardcháilithe. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar dheiseanna maidir le sásra den sórt sin roimh dheireadh 2022, a bheidh le plé i gcomhlachtaí ábhartha na Comhairle.

10. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór ár n-iarrachtaí a neartú agus comhar a mhéadú i gcomhrac na cibearchoireachta idirnáisiúnta, go háirithe bogearraí éirice, tríd an sásra EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla), trí mhalartuithe idir na hearnálacha cibearshlándála, forfheidhmithe dlí agus taidhleoireachta, agus trí chumais forfheidhmithe dlí a neartú maidir leis an gcibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a gealltanas an pobal a chur ar an eolas faoi chibearbhagairtí agus faoi na bearta a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais i gcoinne na mbagairtí sin tríd an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus an saol acadúil a rannpháirtiú, d’fhonn feasacht a ardú agus leibhéal iomchuí cibearchosanta agus cibearshláinteachais a chur chun cinn. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór díriú ar scileanna agus cumais chibearshlándála na saoránach ar leibhéal an Aontais agus leibhéal na mBallstát agus nach mór úsáideoirí a rannpháirtiú go gníomhach ina gcosaint féin.

## II. FEABHAS A CHUR AR AN DLÚTHPHÁIRTÍOCHT AGUS BAINISTIÚ GÉARCHÉIME CUIMSITHEACH

11. Agus leas á bhaint as na cibirchleachtaí bliantúla, cleachtaí eile lena mbaineann gné cibearchúrsaí, chomh maith leis an gcleachtadh EU CyCLES 2022, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé clár cibirchleachtaí rialta trasphobail il-leibhéil a bhunú chun freagairt inmheánach agus sheachtrach an Aontais do chibeartheagmhais mhórscála a thástáil agus a fhorbairt, le rannpháirtíocht na Comhairle, SEGS, an Choimisiúin agus geallsealbhóirí ábhartha amhail ENISA agus an earnáil phríobháideach, clár a cheanglófar le beartas freachnamh ginearálta an Aontais agus a rannchuideoidh leis an mbeartas sin. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann leis na cleachtaí Cyber Europe agus BlueOLEx a fhorbairt a thuilleadh, ina gcuirfear an fhreagairt a thugtar ar leibhéil éagsúla le chéile. ADMHAÍONN SÍ gur gá meastóireacht agus comhdhlúthú a dhéanamh ar na cleachtaí atá ann cheana agus cleachtaí breise maidir le codanna sonracha den chibear-réimse, a d’fhéadfadh a bheith ann, a fhiosrú, go háirithe cleachtadh míleata de chuid CERT agus cleachtadh lena ndírítear ar chomhar géarchéime idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (EUIBAnna). ADMHAÍONN SÍ go neartóidh cibearsheasamh an Aontais ár gcumas cibirionsaithe a chosc trí ghníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear oiliúint agus, ar an gcaoi sin, IARRANN SÍ ar na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhar sibhialtach míleata sa chibearoiliúint agus i gcibirchleachtaí comhpháirteacha.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór an comhar oibríochtúil agus an comhfheasacht staide idir na Ballstáit a thástáil agus a threisiú, lena n-áirítear trí líonraí seanbhunaithe amhail an Líonra CSIRTanna agus an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibir-ghéarchéimeanna (EU CyCLONe) d'fhonn ullmhacht an Aontais a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar chibirtheagmhais mhórscála. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé a bheith ag obair chun teanga choiteann a fhorbairt i measc na mBallstát agus EUIBAnna, atá saincheaptha don phlé ar an leibhéal polaitiúil, chun tacú le measúnú comhdhlúite a bhunú ar dhéine agus ar thionchar cibirtheagmhas ábhartha chomh maith le cásanna ina bhféadfaidís teacht chun cinn agus ar na riachtanais a eascraíonn astu de réir mar is iomchuí. CUIREANN SÍ I dTREIS, i ndáil leis sin, gur gá feabhas a chur ar chomhlántacht na dtuarascálacha measúnaithe staide comhpháirteacha, lena n-áirítear tuarascálacha ó EU CyCLONe maidir le tionchar agus déine cibirtheagmhas mórscála ar fud Bhallstáit an Aontais arna ndéanamh ag EU INTCEN agus faoi chuimsiú Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí sibhialta agus míleata ábhartha agus le líonraí seanbhunaithe lena n-áirítear EU CyCLONe, meastóireacht riosca a dhéanamh faoi dheireadh 2022 agus cásanna riosca a chruthú ó thaobh na cibearshlándála de i gcás bagairt nó ionsaí a d'fhéadfadh tarlú in aghaidh na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta agus iad a chur faoi bhráid chomhlachtaí ábhartha na Comhairle. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le cumarsáid phoiblí iomchuí chomhordaithe a dhéanamh maidir le freagairt an Aontais ar chibirtheagmhais mhórscála.

13. I gcás cibirtheagmhais mhórscála, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór an comhordú a atreisiú, agus, i gcás inarb iomchuí, tógáil ar an dul chun cinn agus an obair a rinne Foireann Mhearfhreagartha Cibirtheagmhas PESCO, tarraingt ar an obair a dhéanann an Líonra CSIRTanna agus EU CyCLONe, agus ár n-acmhainneachtaí freagartha teagmhas a chomhthiomsú go deonach idir na Ballstáit. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh cur le hacmhainneachtaí poiblí dá bhforbrófaí naisc leis an earnáil phríobháideach, go háirithe i gcomhthéacs ganntanas scileanna san Aontas, agus go bhféadfadh sé difear a dhéanamh, i gcás teagmhais mhórscála, dá sainaithneofaí agus dá gcomhordófaí na comhpháirtithe príobháideacha sin. Chun ullmhú go hiomlán chun aghaidh a thabhairt ar chibeartheagmhais mhórscála, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir le Ciste Freagartha Éigeandála Cibearshlándála faoi dheireadh R3 2022.

14. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór infheistiú inár gcúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach chomh maith lenár ndlúthpháirtíocht faoi Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí chleachtaí rialta. Faoina chuimsiú sin, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le tacaíocht dhéthaobhach shibhialta agus/nó mhíleata a sholáthar agus a chomhordú, lena n-áirítear trí fhéachaint ar an tacaíocht a d’fhéadfadh an tAontas a chur ar fáil ar iarratas sainráite ó na Ballstáit, agus maidir le bearta iomchuí freagartha a shainaithint, lena n-áirítear trí straitéis chumarsáide chomhordaithe a fhorbairt, i gcomhthéacs chur chun feidhme Airteagal 42(7). TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí a áireamh leis sin freisin féachaint ar na naisc leis na sásraí um bainistiú géarchéimeanna atá ag an Aontas cheana agus leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.

15. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh cumarsáid shlán fheabhsaithe ag teastáil má tá cibirsheasamh atreisithe le bheith ag an Aontas. Chuige sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ na treoshuímh a tugadh sa Chompás Straitéiseach i ndáil leis an méid sin agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile mapáil a chur i gcrích faoi dheireadh na bliana 2022 ar na huirlisí atá ann cheana le haghaidh cumarsáid shlán sa chibir-réimse, lena plé i gcomhlachtaí ábhartha na Comhairle agus le grúpaí ábhartha comhair, amhail an Líonra CSIRTanna agus EU CyCLONe.

## III. AN FHÍS ATÁ AGAINN DON CHIBEARSPÁS A CHUR CHUN CINN

16. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé d'aidhm ag an gcur chuige coiteann cuimsitheach atá ag an Aontas maidir leis an gcibearthaidhleoireacht rannchuidiú le coinbhleachtaí a chosc, le bagairtí cibearshlándála a mhaolú agus le cobhsaíocht níos fearr sa chaidreamh idirnáisiúnta a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ gealltanas an Aontais díospóidí idirnáisiúnta sa chibearspás a réiteach trí mheáin shíochánta agus an dlí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta, maidir le gníomhaíochtaí na Stát sa chibearspás. CUIREANN SÍ I dTREIS gealltanas an Aontais agus na mBallstát gníomhú i gcomhréir leis na noirm dheonacha neamhcheangailteacha maidir le hiompar freagrach stáit sa chibearspás, ar noirm iad a chomhaontaigh Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá cibearspás atá oscailte, saor, domhanda, cobhsaí agus slán, ina bhfuil feidhm iomlán ag cearta an duine, ag saoirsí bunúsacha agus ag an smacht reachta mar thacú le dea-bhail shóisialta, fás eacnamaíoch, rathúnas agus sláine ár sochaithe saora daonlathacha agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gealltanas an Aontais agus na mBallstát leanúint de chur chun cinn na luachanna agus na bprionsabal sin. D'fhonn bealaí a fhorbairt le haghaidh idirphlé cuiditheach neamhbhalbh oscailte le príomh-gheallsealbhóirí cibearspáis, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá go gcuimseofaí cibear-shaincheisteanna, lena n-áirítear Bosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais, go lárnach i gcaibidlíocht aontachais an Aontais agus san idirphlé straitéiseach polaitiúil a dhéanfaidh an tAontas le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le hiomaitheoirí araon, agus, an am céanna, IARRANN SÍ ar an Ardionadaí an cibir-idirphlé déthaobhach atá ann cheana a athbhreithniú agus, más gá, a mholadh go dtosófaí a dhéanamh comhar comhchosúil le tíortha eile nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha.

17. MEABHRAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis an gcomhar il-gheallsealbhóirí de thairbhe go mbíonn geallsealbhóirí eile freagrach as an gcibearshlándáil chomh maith, go háirithe maidir le cur chun feidhme na moltaí agus na gcinntí a dhéantar sna fóraim idirnáisiúnta agus réigiúnacha. IARRANNN SÍ ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit ár samhail den chibearspás agus den Idirlíon a chur chun cinn ar bhonn an chur chuige il-gheallsealbhóirí agus trí bhíthin tionscnamh amhail Iarradh Pháras ar Iontaoibh agus Slándáil sa Chibearspás agus an Dearbhú maidir le todhchaí an idirlín, agus cuireann sí i dtábhacht leasanna comhchoiteanna na cobhsaíocht sa chibearspás, agus músclaíonn sí feasacht go domhanda faoi na contúirtí a bhainfeadh le fís idirlín a bheadh stát-lárnaíoch údarásaíoch, agus IARRANN SÍ ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit an comhar a neartú a thuilleadh le pobal na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na tionscnaimh ábhartha amhail Tionscnamh Cibearthaidhleoireachta an Aontais faoi Ionstraim Beartais Eachtraigh an Aontais.

18. TUGANN SÍ UIRTHI FÉIN a bheith rannpháirteach in eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha go háirithe sa chéad agus sa tríú coiste de na Náisiúin Aontaithe a bhaineann le próisis agus á chur i dtábhacht di go bhfuil feidhm ag an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana, gan forchoimeádas, sa chibearspás agus maidir leis an gcibearspás. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ar a thábhachtaí atá na hiarrachtaí leanúnacha chun seasamh le Creat na Náisiún Aontaithe maidir le hiompar freagrach Stáit agus é a chur chun cinn, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go n-oibreoidh an tAontas agus na Ballstáit go gníomhach chun cur chun feidhme an chreata a neartú, lena n-áirítear trí Chlár Gníomhaíochta maidir le hiompar freagrach Stáit sa chibearspás a chur chun cinn a bhunú. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go nglacfaidh an tAontas agus na Ballstáit páirt ghníomhach sa chaibidlíocht le haghaidh Coinbhinsiún de chuid na Náisiún Aontaithe a bheidh ina ionstraim éifeachtach amach anseo ag údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha i gcomhrac domhanda na cibearchoireachta, agus aird iomlán á tabhairt ar an gcreat atá ann cheana d’ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha sa réimse sin, go háirithe Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú a thuilleadh le bearta forbartha muiníne (CBManna) a fhorbairt agus a oibríochtú ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta, agus an úsáid a bhaintear as na CBManna atá ag ESCE cheana a spreagadh a thuilleadh, lena n-áirítear tráth teannais idirnáisiúnta.

19. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé bunriachtanach cur chuige réamhghníomhach, bunaithe ar chearta an duine, a bheith aici i réimse na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus an chroí-ollstruchtúir idirlín i gcomhréir le luachanna agus prionsabail dhaonlathacha chun a áirithiú go mbeidh Idirlíon ann feasta a bheidh domhanda, neamh-ilroinnte oscailte, agus TACAÍONN SÍ leis an bprionsabal maidir le húsáid agus forbairt na dteicneolaíochtaí sin a bheidh duine-lárnaíoch príobháideacht-dírithe agus go mbeidh an úsáid sin dlíthiúil slán eiticiúil. MOLANN SÍ don Ardionadaí agus don Choimisiún fís straitéiseach a fhorbairt maidir le saincheisteanna teicniúla sa réimse digiteach ag a mbíonn impleachtaí beartais eachtraigh agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chobhsaíocht an chibearspáis agus an Idirlín go háirithe, lena n-áirítear sna heagraíochtaí idirnáisiúnta speisialaithe ábhartha (an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide etc.).

## IV. <u>COMHAR A NEARTÚ LE TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA AGUS LE HEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA</u>

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór gur fearr a nascfaí straitéis fothaithe cibear-acmhainneachta an Aontais le noirm na Náisiún Aontaithe maidir le hiompar freagrach Stáit sa chibearspás, lena n-áirítear trí chomhar saincheaptha agus trí chláir fothaithe acmhainneachta a fhorbairt chun tacú le tríú Stáit ina n-iarrachtaí cur chun feidhme, agus, tríd an méid sin a dhéanamh, leanúint ar aghaidh agus cur lenár n-iarrachtaí maidir le cur chun tosaigh Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le hIompair Freagrach Stáit a Chur Chun Cinn sa Chibearspás. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé fothú cibear-acmhainneachta a chomhtháthú go hiomlán mar chuid de thairiscint an Aontais mar sholáthraí slándála, agus ár n-iarrachtaí a chomhordú go leordhóthanach idir na Ballstáit agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus, go háirithe, IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar idir na Ballstáit, agus le comhpháirtithe na hearnála poiblí agus príobháidí, go háirithe trí EU CyberNet (Líonra Fothaithe Cibearacmhainneachta an Aontais) agus tríd an bhFóram Domhanda um Chibear-shaineolas, chun comhordú a áirithiú agus an dúbailt a sheachaint.

IARRANN SÍ ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún *Bord Fothúcháin Cibear-Acmhainneachta* a bhunú faoin tríú ráithe de 2022 agus malartú rialta a reáchtáil sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leas breise a bhaint as an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, as an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus as uirlisí airgeadais eile, amhail an tSaoráid Eorpach Síochána agus an tionscnamh 'Global Gateway', chun tacú le hathléimneacht ár gcomhpháirtithe a neartú, lena n-áirítear a gcumas cibearbhagairtí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus an chibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus tionscadail comhair a fhorbairt, lena n-áirítear

i gcomhthéacs géarchéime. MOLANN SÍ, go háirithe, go mbeadh comhar ann le comhpháirtithe sna Balcáin Thiar agus le comhpháirtithe an Aontais as comharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt, agus, i gcás cibirghéarchéimeanna saineolaithe an Aontais agus na mBallstát a imscaradh chun tacaíocht a chur ar fáil agus na sainorduithe dlíthiúla atá ann cheana á gcur san áireamh.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór dlús a chur leis na hiarrachtaí atá ar bun i dtaca leis na nithe seo a leanas: cur chuige struchtúrtha agus oscailte for-rochtana a fhorbairt don Aontas maidir leis an mbealach ina bhféadfar comhthuiscint dhomhanda a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta sa chibearspás; creat de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le hiompar freagrach Stáit sa chibearspás, lena n-áirítear tionscnamh le haghaidh Clár Gníomhaíochta maidir le hiompar freagrach Stáit sa chibearspás; agus seasamh an Aontais agus na mBallstát sa chaibidlíocht leanúnach maidir le Coinbhinsiún Cibearchoireachta na Náisiún Aontaithe; agus mar chuid de na hiarrachtaí sin, IARRANN SÍ ar an Ardionadaí plean for-rochtana a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh na bliana 2022. MOLANN SÍ don Ardionadaí agus do sheirbhísí an Choimisiúin leas iomlán córasach a bhaint as na 145 Thoscaireacht agus comhar rialta rathúil a fhorbairt idir iad agus Ambasáidí na mBallstát i dtríú tíortha, faoi choimirce an Líonra Cibearthaidhleoireachta don Aontas atá beartaithe. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí an Líonra Cibearthaidhleoireachta don Aontas a bhunú faoin tríú ráithe de 2022, lena gcuideofar le malartú faisnéise, le gníomhaíochtaí comhpháirteacha oiliúna d'fhoireann an Aontais agus d'fhoireann na mBallstát, le hiarrachtaí comhleanúnacha maidir le fothú acmhainneachta agus le cur chun feidhme chreat na Náisiún Aontaithe maidir le hiompar freagrach Stáit maille le bearta cothaithe muiníne idir na Stáit a neartú.

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a tiomantas tuilleadh comhair a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tíortha comhpháirtíochta chun an chomhthuiscint ar thimpeallacht na gcibearbhagairtí a chur chun cinn, sásraí comhair a fhorbairt agus freagairtí taidhleoireachta comhoibríocha a shainaithint go réamhghníomhach.

Á MHEABHRÚ DI an méid atá bainte amach a bhuí leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT i réimse na cibearshlándála i gcreat chur chun feidhme Dhearbhuithe Comhpháirteacha 2016 Vársá agus 2018 na Bruiséile, agus neamhspleáchas agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán, agus ar bhonn phrionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá ann an comhar cibearshlándála le ECAT a neartú a thuilleadh trí chleachtaí, trí chomhroinnt faisnéise agus trí mhalartuithe idir saineolaithe, lena n-áirítear maidir le forbairt cumais, fothú acmhainneachta do chomhpháirtithe agus do mhisin agus d’oibríochtaí, chomh maith le hinfheidhmeacht an dlí idirnáisiúnta agus noirm na Náisiún Aontaithe maidir le hiompar freagrach Stáit sa chibearspás, agus freagairtí comhordaithe féideartha maidir le cibirghníomhaíochtaí mailíseacha.

## V. CIBIRIONSAITHE A CHOSC, A CHOSAINT AGUS A FHREAGAIRT

23. AITHNÍONN SÍ go bhfuil iomaíocht gheopholaitiúil ag baint leis an gcibearspás anois níos mó ná riamh agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ, dá bhrí sin, nach mór don Aontas a bheith in ann freagairt go pras bríomhar do chibirionsaithe, amhail cibirghníomhaíochtaí mailíseacha státurraithe lena ndírítear ar an Aontas agus ar na Ballstáit agus, dá bhrí sin, nach mór Bosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais a neartú agus leas iomlán a bhaint as na hionstraimí uile atá aige, lena n-áirítear na huirlisí cumarsáide polaitiúla, eacnamaíocha, taidhleoireachta, dlíthiúla agus straitéiseacha atá ar fáil chun cibirghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc, a dhíspreagadh, a bhacadh agus a fhreagairt. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór do ghníomhaithe naimhdeacha a bheith ar an eolas go mbraithfear cibirionsaithe in aghaidh na mBallstát agus institiúidí an Aontais go luath, go sainaithneofar iad go pras agus go mbainfear úsáid as na huirlisí agus na beartais uile is gá. Ag tarraingt go háirithe di as na gnéithe sin atá i gcibirsheasamh an Aontais agus as na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais ó cuireadh ar bun é agus ó chleachtadh EU CyCLES, IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an Ardionadaí, le tacaíocht ón gCoimisiún, obair a dhéanamh chun leagan athbhreithnithe de threoirlínte chur chun feidhme Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais a bhaint amach faoi dheireadh an chéad ráithe de 2023, go háirithe trí bhearta breise freagartha a fhiosrú.

24. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór malartú rialta a reáchtáil i gcomhlachtaí agus i gcoistí ábhartha na Comhairle maidir le timpeallacht na gcibearbhagairtí, agus, ag an am céanna, teagmháil rialta a choinneáil leis an earnáil phríobháideach agus leas a bhaint as an measúnú ar thionchar agus ar dhéine na dteagmhas a tharla le déanaí chun feasacht agus ullmhacht fhoriomlán a mhéadú maidir le cur i bhfeidhm níos leithne Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais agus uirlisí breise a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme an bhosca sin. Cé go bhfanfaidh an tslándáil náisiúnta ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór an fhaisnéis mar aon le comhroinnt faisnéise agus an comhar a neartú ní hamháin idir na Ballstáit ach idir na Ballstáit agus Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (INTCEN) ionas go mbeifear in ann faisnéis a roinnt ag tús an phróisis cinnteoireachta, lena n-áirítear maidir le ceist an tsannta, agus, ar an gcaoi sin, freagairt mhear éifeachtach agus réasúnaithe a chumasú i ndáil le cibirghníomhaíochtaí mailíseacha lena ndírítear ar an Aontas agus ar a chomhpháirtithe. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé acmhainneacht INTCEN sa chibir-réimse a neartú bunaithe ar rannchuidithe deonacha faisnéise na mBallstát agus gan dochar dá n-inniúlachtaí agus féachaint ar an bhféidearthacht togra maidir le meitheal um chibearfhaisnéis de chuid na mBallstát a bhunú.

25. AG AITHINT DI go bhfuil teachtaireacht láidir seolta ag dearbhuithe agus bearta sriantacha an Aontais, arna ndéanamh faoi chuimsiú Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais, go bhfuil cibearghníomhaíochtaí mailíseacha – ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe – do-ghlactha, rud a chuireann le cosc, díspreagadh, bacadh agus freagairt cibirghníomhaíochtaí mailíseacha, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas na bearta sin a úsáid d’fhonn na hoibleagáidí a bhaineann leis an gcibearspás faoin dlí idirnáisiúnta a mheabhrú di, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe ina hiomláine, agus creat na Náisiún Aontaithe maidir le hiompar freagrach Stáit sa chibearspás a chothú, lena n-áirítear an oibleagáid díchill chuí atá ar gach Stát gan cead a thabhairt go feasach úsáid a bhaint as a chríoch do ghníomhaíochtaí éagóracha idirnáisiúnta ina n-úsáidtear TFCanna, d’fhonn dearcadh comhpháirteach an Aontais maidir le cur i bhfeidhm an Dlí Idirnáisiúnta sa chibearspás a fhorbairt agus a chur chun cinn a thuilleadh. AG TABHAIRT DÁ hAIRE go maolaítear na rioscaí a bhaineann leis an ngéarú le teachtaireachtaí iomchuí meara, rud a d’fhéadfadh bac a chur ar ionsaitheoirí a dhíríonn ar leasanna na hEorpa a dhíspreagadh, IARRANN SÍ ar an Ardionadaí straitéis chumarsáide chomhtháite a fhorbairt agus a thíolacadh do na Ballstáit maidir le húsáid Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais.

26. MOLANN SÍ go bhforbrófaí cuir chuige agus freagairtí céimneacha marthanacha spriocdhírithe i ndáil le cibearghníomhaíochtaí mailíseacha trí leas a bhaint as an réimse leathan uirlisí a chuirtear ar fáil le Bosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais, lena n-áirítear córas cibearsmachtbhannaí an Aontais, agus lena measfar bearta breise. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór méadú a chur ar an deis atá ann leas a bhaint, ar bhonn cás ar chás, as gach uirlis sheachtrach agus inmheánach dá bhfuil ar fáil chun cibirionsaithe a chosc, a dhíspreagadh, a bhacadh agus na huirlisí sin á gcur chun feidhme i gcur chuige mear éifeachtach céimneach spriocdhírithe agus marthanach bunaithe ar rannpháirtíocht straitéiseach fhadtéarmach. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí, i gcomhar leis an gCoimisiún, freagairtí comhpháirteacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Aontas ar chibirionsaithe a shainaithint, lena n-áirítear roghanna smachtbhannaí, ar fud an speictrim chun a bheith réidh chun gníomhaíocht mhear éifeachtach a dhéanamh nuair is gá agus iad a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh an chéad ráithe de 2023.

27. AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur freagracht náisiúnta, den chuid is mó, í an chibearchosaint, MOLANN SÍ do na Ballstáit cumais dá gcuid féin a fhorbairt a thuilleadh chun oibríochtaí cibearchosanta a dhéanamh, lena n-áirítear bearta réamhghníomhacha chun cibirionsaithe a bhrath agus a dhíspreagadh agus an tAontas a chosaint orthu sin, agus, b'fhéidir freisin, chun tacú le Ballstáit eile. Moltar do gach Ballstát feabhas a chur, de réir mar is gá, ar a chumas féin cúnamh agus cabhair a chur ar fáil agus a fháil. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart go mbeadh forbairt bhreise na gcumas sin ar cheann de phríomhchuspóirí Bheartas Cibearchosanta an Aontais, beartas atá ar na bacáin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh i mBeartas Cibearchosanta an Aontais ar ról féideartha institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais chun an comhar a mhéadú i measc gníomhaithe cibearchosanta ábhartha an Aontais agus na mBallstát agus cumais dá gcuid féin a fhorbairt, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. IARRANN SÍ ar an Ardionadaí in éineacht leis an gCoimisiún cur leis an bhforbairt ar chibirsheasamh an Aontais trí bhíthin togra uaillmhianach maidir le Beartas Cibearchosanta AE a chur síos roimh dheireadh 2022, lena réiteofar an bealach d'fhorbairt bhreise na Comhairle maidir le Cibirsheasamh an Aontais.

28. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór cur le hidir-inoibritheacht agus le comhroinnt faisnéise trí chomhar idir foirne míleata práinnfhreagartha ríomhaire (milCERT). Ag cur le hobair na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC), IARRANN SÍ ar na Ballstáit líonra MilCERT a chruthú chun an comhar a fhorbairt agus malartú faisnéise a éascú, rud a chuideodh freisin le comhordú a chothú le cibearphobail eile, maille le líonra cibircheannaithe míleata a chruthú ionas go neartófar an comhar straitéiseach idir cibearorduithe Bhallstáit an Aontais nó údaráis chomhfhreagracha eile. Chuideodh bunú na líonraí sin, mar aon le cibirthionscadail PESCO, le cibearchosaint neartaithe ar leibhéal an Aontais. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR tábhacht an chomhair idir líonra milCERT atá beartaithe agus an líonra sibhialta (CSIRTanna) atá ann cheana, chun comhroinnt faisnéise agus feasacht ar dhálaí éagsúla a fheabhsú.

29. Ar bhonn Fhís Mhíleata an Aontais agus an Straitéis maidir leis an gCibearspás mar Réimse Oibríochtaí agus ag tabhairt dá haire di an fhorbairt leanúnach ar an gCoincheap míleata maidir leis an gCibearchosaint d’oibríochtaí míleata agus do mhisin faoi stiúir an Aontais, ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór gné na cibearshlándála a chomhtháthú i bpleanáil agus i seoladh mhisin agus oibríochtaí CBSC, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar a gcibearchumais agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuideoidh sé sin le feasacht staide cibearshlándála níos fearr ar leibhéal an Aontais.

30. Mar fhocal scoir, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur céim chun tosaigh é an cibirsheasamh i dtaca le dúnghaois de chuid an Aontais a bhunú do ghníomhaíocht sa chibearspás bunaithe ar roghanna feabhsaithe athléimneachta, cumais agus freagartha, chomh maith le seasamh comhpháirteach maidir leis an dlí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm sa chibearspás. DÉANFAIDH an Chomhairle A MARANA ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na gconclúidí seo in 2023 chun a áirithiú go ndéanfar forbairt bhreise ar chibirsheasamh an Aontais.